

Polasaí Íocaíochta COGG

Tá COGG tiomnaithe chun gach iarracht a dhéanamh soláthraithe a íoc go pras. Ionas go dtarlóidh sé seo ba chóir do sholáthraithe a chinntiú:

- Go seolann siad sonrasc ceart soiléir chuig An Rannóg Airgeadais, COGG, 23 Plás Windsor nó airgeadas@cogg.ie
- Go bhfuil tagairt shoiléir ar an sonrasc ag léiriú cad leis a mbaineann sé
- Go bhfuil ainm agus seoladh an íocaí san áireamh
- Go bhfuil sonraí bainc beacht & cothrom le dáta san áireamh
- Go gcinntíonn siad go bhfuil stádas imréiteach cánach cothrom le dáta acu le Coimisinéirí Ioncaim na hÉireann

(I gcás íocaíochtaí os cionn €10,000 laistigh d'aon tréimhse dhá mhí dhéag, is gá don soláthraí/íocaí teastas imréiteach cánach a chur ar fáil. Is féidir eolas a fháil ar nósanna imeachta imréitigh cánach anseo: <https://www.revenue.ie/ga/starting-a-business/tax-clearance/when-is-a-tax-clearance-certificate-required/index.aspx>

Reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas

Is é an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, a rialaíonn íocaíocht sonrasc ag COGG

Leathnaigh an Rialtas an ceangal neamhrechtúil maidir le Ranna Rialtais Láir go dtí gach comhlacht poiblí ó mhí Iúil 2011 amach, chun an tréimhse, a thugtar do Chomhlachtaí Poiblí a soláthraithe a íoc, a laghdú ó 30 lá go 15 lá. Faoi mar is dual do nósanna imeachta cearta airgeadais, tá iarracht an-mhór á déanamh le cinntiú go n-íoctar soláthraithe laistigh den fhráma ama sin.

Ní mheasann COGG sonrasc a bheith faighte acu ach amháin nuair a fhaigheann Cuntais Iníoctha na Rannóige Airgeadais é, agus tagairt shoiléir air.

Fiosruithe maidir le Sonraisc

Tá deich lá oibre ag COGG chun soláthraithe a chomhairliú i scríbhinn maidir le haon fiosruithe agus/nó easnamh a bhaineann leis an sonrasc a fhágann nach féidir an íocaíocht a dhéanamh. Tar éis do COGG an sonrasc ceartaithe a fháil, féachfaidh COGG leis an íocaíocht a dhéanamh laistigh de 15 lá.

De réir na reachtaíochta, ní gá íocaíocht a dhéanamh le soláthraí ar theip air nó a dhiúltaigh déanamh de réir iarratais deimhniú imréitigh cánach a thaispeáint, agus leagtar amach go sainráite sa reachtaíocht an teorainn ama reachtúil atá le híocaíocht sa chás go mbíonn moill ann deimhniú imréitigh cánach a thaispeáint. Lena chois sin, ní fhágann an tAcht go gcuirtear isteach ar an asbhaint a ghabhann le cáin a choinneáil siar ó aon íocaíocht a dhéantar le soláthraí.

Gearáin agus Achrainn

Má tá gearán agat maidir le híocaíocht sonraisc, déan teagmháil le airgeadas@cogg.ie nó glaoigh ar 01 6340831

Samhain 2018